

Re-Start - Ceisteanna Coitianta



Coronavirus
COVID-19
Business Support Helpline
Kerry County Council
1800 807 102
Business.Support@kerrycoco.ie



1. Cén cineál gnólachta atá in ann iarratas a dhéanamh?

Faoi réir na gcritéar incháilitheachta thíos, is féidir le haon ghnólacht a bhfuil áitreabh inráitilte tráchtála aige, nó ina n-íoctar rátaí thar do cheann agus atá inchurtha i leith an áitribh ghnó a áitíonn tú. **Níl** siopaí ilshlabhra **incháilithe**, i.e. gnólacht atá ina bhrainte neamhspleách go airgeadais de ghrúpa siopaí slabhra atá faoi úinéireacht agus faoi bhainistiú ag aonán aonair. **Níl** eagraíochtaí neamhráchtála **incháilithe**, amhail áitribh phobail agus spóirt (lena n-áirítear siopaí carthanais agus áitribh phobail agus spóirt ina bhfuil beár). **Níl** gnólachtaí nach n-oibríonn ó áitribh inráitilte tráchtála (ceardaithe, soláthraithe seirbhíse, etc.) **incháilithe**. **Níl** áitribh a bhí folamh roimh éigeandáil Covid-19 **incháilithe** don deontas.

2. Cé chomh luath agus a bheidh mo dheontas agam?

Ar an meán, tá súil againn cead a eisiúint laistigh de sheachtain. Braitheann sé seo, ar ndóigh, ar mhéid tosaigh na n-iarratas. Próiseálfar iarratais i ndáil le dátaí athoscailte a bhfuiltear ag súil leo, de réir straitéis an Rialtais maidir leis an ngeilleagar a athoscailt.

3. Cá mhéad a bheidh agam?

Is é a bheidh sa deontas méid éileamh do rátaí i leith na bliana féilire 2019 amháin, faoi réir íosmhéid de EUR 2 000 agus uasmhéid de EUR 10 000. Sa chás gur laghdaíodh d'éileamh rátaí ar achomharc, beidh feidhm ag an ráta achomhairc maidir le méid den deontas má tá an deontas os cionn EUR 2 000.

4. Má bhí m'éileamh rátaí don bhliain féilire 2019 níos lú ná EUR 2 000, an féidir liom deontas EUR 2 000 a fháil?

Is féidir.

5. Cad is féidir liom a dhéanamh leis an deontas?

Is ranníocaíocht é an deontas i ndáil leis an gcostas a bhaineann le gnólacht a athoscailt nó a choinneáil ag dul agus le hathnascadh le fostaithe agus le custaiméirí. D'fhéadfaí an deontas a úsáid chun costais sheasta leanúnacha a íoc, i.e. fónais, árachas, athchóiriú nó bearta chun sábháilteacht na bhfostaithe agus na gcustaiméirí a áirithiú.

6. Mura ndearnadh measúnú rátaí ar m'áitreabh in 2019, an bhfuil mé incháilithe?



Tá. Déanfaidh an t-údarás áitiúil a dhícheall measúnú a dhéanamh ar an éileamh a bheadh ar do rátaí do 2019 agus, mura féidir, ar chúis ar bith, meastachán a dhéanamh, íocfar an deontas íosta de EUR 2 000.

7. Murar íoc mé mo rátaí 2019, an bhfuil mé incháilithe?

Tá.

8. Má tá riaráistí ar mo rátaí, an bhfuil mé incháilithe?

Tá.

9. Conas is féidir liom iarratas a dhéanamh?

Is féidir an t-iarratas a dhéanamh ar líne trí láithreán gréasáin d'údarais áitiúil ag <https://www.kerrycoco.ie/restart-grant/>

10. Conas a íocfar an deontas?

Íocfar an deontas trí aistriú leictreonach chuig an gcuntas gnó atá mionsonraithe ar an bhfoirm iarratais.

11. Cad iad na critéir incháilitheachta chun an deontas a fháil?

Ní mór láimhdeachas níos lú ná EUR 5m a bheith ag gnólacht agus 50 fostaí nó níos lú a bheith aige.

Ní mór gur chaill an gnólacht méid réamh-mheasta 25%+ in ioncam ón 1 Aibreán 2020 go dtí an 30 Meitheamh 2020.

Ní mór don ghnólacht tiomantas a thabhairt go bhfanfaidh sé oscailte nó go n-athosclofar é sa chás gur dúnadh é. Ní mór don ghnólacht a dhearbhu freisin go bhfuil sé ar intinn aige fostaíthe atá ag baint leasa as an Scéim Fóirdheontais Pá Sealadaigh (TWSS) a choinneáil.

Ba cheart do ghnólachtaí doiciméid tacaíochta a choinneáil de thairbhe go bhféadfaí spotseiceálacha a dhéanamh chun dearbhú a fhíorú ina leith seo.

12. Céard é an dáta deiridh?

Is é an 31 Lúnasa 2020 an dáta deiridh chun iarratais a fháil.

13. Céard í m'Uimhir Chustaiméara?

Tá d'Uimhir Chustaiméara le fail ar d'éileamh rátaí tráchtála.

14. Céard í m'Uimhir Ráta?

Tá d'Uimhir Ráta (nó LAID) le fáil ar d'éileamh rátaí tráchtála.

15. Céard í mo Chatagóir Ghnólachta?

Tá Catagóirí Gnó, bunaithe ar Treochlár an Rialtais d'athoscailt céimnithe an gheilleagair, mar atá leagtha amach thíos:

	Céim 0 - Níor dúnadh an gnó.
	Céim 1 (18 Bealtaine) - Crua-earraí, ionaid ghairdín, radharceolaithe, deisiúcháin mótaí/rothair, táirgí oifige, earraí leictreacha, trealamh TF, díolacháin/deisiúcháin teileafóin, tógáil lasmuigh, áiseanna poiblí.
	Céim 2 - Asraonta miondíola beaga, margáí.
	Céim 3 - Naíolanna d'oibrithe riachtanacha, asraonta miondíola a bhfuil bealach isteach sráide acu, caiféanna agus bialanna ina gcaitear san áitreabh.
	Céim 4 - Naíolanna, seirbhísí 'ardriosca' lena n-áirítear gruagairí, cóiríocht do thurasóirí.



Céim 5 - Beáir, amharclanna, pictiúrlanna, giomnásiamáí, ionaid siopadóireachta.

16. Céard í m'Uimhir Chánach?

Is í d'uimhir chánach d'uimhir Chláraithe Cánach (TRN) ar uimhir 'ghnó' í le haghaidh gach teagmháil leis na Coimisinéirí Ioncaim.

17. Céard é Ceanntásc Ráitis Bainc?

Tá an ceanntásc ráitis bhainc ar bharr ráitis bhainc le déanaí a léiríonn ainm agus seoladh do ghnólachta agus uimhir chuntais bhainc do ghnólachta, ar cheart iad a scanadh agus a uaslódáil mar cheangaltán leis an bhfoirm iarratais chun d'ainm agus do sheoladh gnólachta, agus sonraí do chuntais bhainc a fhíorú.

18. Conas is féidir liom an fhoirm a shíniú?

Ba chóir d'iarratasóirí a n-ainm a chlósáil agus trí "Cuir isteach" a bhrú tá siad ag deimhniú go bhfuil na sonraí go léir ceart/fíor.

19. An gá dom Uimhir Rochtana Imréitigh Cánach a chur isteach?

Má tá iarratais á ndéanamh agat a bhaineann le roinnt gnólachtaí/áitreabh (deontais de EUR 10 000 nó níos mó san iomlán), nó má tá earraí/seirbhísí á soláthar agat don údarás áitiúil, ní mór duit Uimhir Rochtana Imréitigh Cánach a chur isteach ionas gur féidir do stádas imréitigh cánach a sheiceáil.

20. Cá bhfuil tuilleadh faisnéise ar fáil?

Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil ó Aonad Tacaíochta Gnó d'Údarás Áitiúil ar an uimhir 1800 807 102

21. Mura bhfuil mé sásta leis an gcinneadh mo dheontas a dhiúltú, an féidir liom achomharc a dhéanamh?

Tá, féadfar achomharc a dhéanamh maidir le haon chinneadh deontas a dhiúltú chuig Restart.Appeals@kerrycoco.ie suas go dtí an 30 Meán Fómhair 2020.

Subject to the qualifying criteria below, any business that has a commercially rateable premises, or where rates are paid on your behalf and attributable to the business premises you occupy, can apply. Multiple chain stores, i.e. a business that is a non-financially independent branch of a group of chain stores which is owned and managed by a single entity, are **not eligible**. Non-commercial organisations such as community and sporting premises (including charity shops and community and sporting premises with a bar) are **not eligible**. Businesses that do not operate from commercially rateable premises (tradesmen, service providers, etc) are **not eligible**. Premises that were vacant prior to the Covid-19 emergency are **not eligible** for the grant.